# Cuntas Leithreasa 2024

## Vóta 14

## An tSaotharlann Stáit

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 14, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 i gcomhair thuarastail agus speansais na Saotharlainne Stáit.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2024, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá vóta barrachais €9,680 ann don bhliain.

Is cuid den chuntas iad an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

## Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gciorclán 20 de 2024, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú. Áirítear orthu sin cur i bhfeidhm Chaighdeán Chuntasaíochta an Rialtais Láir (CGAS) a tháinig i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024.

***Dímheas ar shócmhainní caipitil***

Déantar dímheas ar réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le CGAS 17 agus le CGAS 31 faoi seach.

Is mar a leanas atá na saolréanna úsáideacha agus na rátaí gaolmhara a bhaineann le haicmí móra sócmhainní caipitil.

| *Aicme sócmhainní* | *Saolré úsáideach* | *Ráta dímheasa* |
|---|---|---|
| Trealamh | 5 bliana | 20% |
| Troscán agus feistis | 10 mbliana | 10% |
| Bogearraí faighte agus bogearraí forbartha | 5 bliana | 20% |

***Fardail***

Áirítear leis an luacháil ar fhardail míreanna intomhalta ardtoirte íseal-luacha, mar gheall ar a gcineál agus ar an ngá atá le monatóireacht agus le slándáil.

## Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an tSaotharlann Stáit.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Cheimiceoir Stáit.

Ina theannta sin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhísí idir an tSaotharlann Stáit agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don tSaotharlann Stáit.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán.
- Feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

- Tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

***Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an tSaotharlann Stáit le pearsanra atá oilte go cuí, ar feidhm í a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an tSaotharlann Stáit nochta dóibh a cuid oibre agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, a bhíonn á gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Cinntíonn an tSaotharlann Stáit go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas soláthair i ndámhachtain gach conartha agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile. B’ionann an caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí gairmiúla agus conraithe eile agus €5.6 milliún san iomlán sa bhliain 2024.

Thug an tSaotharlann Stáit mionsonraí faoi naoi gconradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil i dtaca le ciorclán 40/2002 chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Chomhlíon an tSaotharlann Stáit na treoirlínte don bhliain 2024 agus ní raibh aon chonarthaí neamhchomhlíontacha aici.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an tSaotharlann Stáit lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí a bhíonn roimh an tSaotharlann Stáit agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a shuntasaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn leathbhliantúil. Úsáidtear toradh na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainisteofar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus an fhreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta ag an tSaotharlann Stáit chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn faireachán agus athbhreithniú na Saotharlainne Stáit ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den tSaotharlann Stáit atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Mar thoradh ar dhearmad riaracháin, taifeadadh vóta barrachais €9,680. Bhí moill ann ar roinnt fáltas a bhí dlite i mí na Nollag 2024, rud as ar tháinig easnamh i leithreasaí-i-gcabhair nár meaitseáladh le coigilteas i gcaiteachas. Cuireadh nósanna imeachta chun feidhme sa bhliain 2025 ionas nach dtiocfadh staid den chineál céanna chun cinn arís.

Níor sainaithníodh aon laigí eile ar rialú inmheánach airgeadais i ndáil leis an mbliain 2024 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Barbara O'Leary**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSaotharlann Stáit

11 Márta 2025

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

### Vóta 14 An tSaotharlann Stáit
### Tuairim maidir leis an gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 14 Saotharlann Stáit don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse, maidir leis an gcuntas leithreasa

- cuirtear fáltais agus caiteachas Vóta 14 ón Saotharlann Stáit i láthair i gceart don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024, agus
- ullmhaíodh é san fhoirm a d'fhorordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***Bonn na tuairime***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta mar a d'fhógair an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an tSaotharlann Stáit agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam chun bonn a sholáthar le mo thuairim.

### Tuarascáil maidir leis an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais, agus ábhair eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta i láthair ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais, i dteannta an chuntais leithreasa. Maidir le mo chuid freagrachtaí chun tuairisciú i ndáil leis an bhfaisnéis sa ráiteas, agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím mar eisceacht, déantar cur síos orthu san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

***Farasbarr vóta***

Taifeadadh farasbarr €9,680 maidir le Vóta 14 Saotharlann Stáit in 2024.

Cuireadh deontas soláthair suas le €13,475,00 agus suim bhreise leithreasaí i gcabhair suas le €1,446,000 ar fáil don Vóta san Acht Leithreasa, 2024. Cuireadh moill ar roinnt fáltas lena raibh coinne i mí na Nollag 2024. Mar gheall air sin, bhí easnamh sna leithreasaí i gcabhair nach rabhthas ag súil leis. Ní raibh coibhéis an easnaimh (nó níos mó) sna coigiltis chaiteachais, agus bhí farasbarr an vóta ann dá bharr sin.

Mínítear an t-ábhar i gCaibidil 4 de mo *Thuarascáil Maidir le Cuntais na Seirbhísí Poiblí* le haghaidh 2024.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

10 Meitheamh 2025

## Aguisín a ghabhann le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta*

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n-idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### *Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d’Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá mba rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d’iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin,

**Aguisín a ghabhann le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar leanúint)**

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

***Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais***

Le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

***Tuairisciú ar ábhair eile***

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

## Vóta 14 An tSaotharlann Stáit

### Cuntas Leithreasa 2024

| | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas ar chláir** | | | | |
| A Saotharlann anailíseach an rialtais agus seirbhís chomhairleach | | | | |
| *Bunaidh* | 14,799 | | | |
| *Forlíontach* | 122 | | | |
| | | 14,921 | 14,751 | 13,265 |
| **Ollchaiteachas** | | **14,921** | **14,751** | **13,265** |
| *Lúide* | | | | |
| B **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| *Bunaidh* | 1,325 | | | |
| *Forlíontach* | 121 | | | |
| | | **1,446** | **1,266** | **1,404** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Bunaidh* | 13,474 | | | |
| *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | **13,475** | **13,485** | **11,861** |

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **(Vóta iomarcach)/barrachas** | **(9,680)** | **262,950** |

Tá vóta barrachais €9,680 ann don bhliain.

**Barbara O'Leary**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSaotharlann Stáit

11 Márta 2025

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2024

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 9,117 | 7,651 |
| Neamhphá | | 5,634 | 5,614 |
| **Ollchaiteachas** | | **14,751** | **13,265** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,266** | **1,404** |
| **Glanchaiteachas** | | **13,485** | **11,861** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Réadmhaoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (565) | | |
| Dímheas | 908 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Amúchadh | — | | |
| | | 343 | 315 |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní caipitil** | | | |
| (Méadú) ar fhardail | (53) | | |
| Laghdú ar réamhíocaíochtaí | 312 | | |
| (Méadú) ar ioncam fabhraithe | (117) | | |
| Méadú ar speansais fhabhraithe | 765 | | |
| | | 907 | 315 |
| **Caiteachas díreach** | | **14,735** | **12,491** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 2,086 | 1,819 |
| Measchíosanna | | 1,688 | 1,688 |
| **Glanchostas an chláir** | | **18,509** | **15,998** |

## Nóta 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 14 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 10 | 10 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 2,063 | 1,796 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 13 | 13 |
| | | **2,086** | **1,819** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | 2,001 | 1,807 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | — | — |
| | | **2,001** | **1,807** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 513 | 312 |
| Fardail | 2.3 | 349 | 296 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 488 | 800 |
| Ioncam fabhraithe | 2.5 | 170 | 53 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 202 | 4 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.9 | 19 | — |
| | | **1,741** | **1,465** |
| *Lúide* | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.7 | 1,033 | 268 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.8 | 734 | 300 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.9 | — | 16 |
| | | **1,767** | **584** |
| **Glan-shócmhainní reatha (dliteanais)** | | **(26)** | **881** |
| **Glansócmhainní** | | **1,975** | **2,688** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.10 | **1,975** | **2,688** |

## 2.1 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

| | Trealamh | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil [a]** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 15,298 | 559 | 15,857 |
| Breiseanna [b] | 1,102 | — | 1,102 |
| Diúscairtí | (1,326) | — | (1,326) |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 15,074 | 559 | 15,633 |
| | | | |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 13,498 | 552 | 14,050 |
| Dímheas don bhliain | 905 | 3 | 908 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (1,326) | — | (1,326) |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 13,077 | 555 | 13,632 |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2024** | **1,997** | **4** | **2,001** |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 1,800 | 7 | 1,807 |

Nóta
[a] Áirítear le costas nó luacháil sócmhainní áirithe a fuarthas ar chostas is lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021

[b] Áirítear le trealamh cosanta pearsanta breis sócmhainne a fuarthas mar idirbheart neamhairgid dar luach €537,000. Sa bhliain 2024, tar éis feidhmíocht mhíshásúil, rinne díoltóir sócmhainn saotharlainne a athsholáthar gan aon chostas breise don tSaotharlann Stáit. B'fhiú €565,000 iad na breiseanna airgid don bhliain.

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí faighte agus bogearraí forbartha | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 174 | 174 |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 174 | 174 |
| | | |
| **Amúchadh carntha** | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 174 | 174 |
| Amúchadh don bhliain | — | — |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 174 | 174 |
| | | |
| **Glansócmhainní** | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2024** | **—** | **—** |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | — | — |

## 2.3 Fardail

| ag an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ceimiceáin agus ábhar inchaite saotharlainne | 305 | 251 |
| Páipéarachas agus ábhar inchaite TF | 44 | 45 |
| | **349** | **296** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Saotharlann agus TF | 483 | 795 |
| Riarachán | 5 | 5 |
| | **488** | **800** |

Nóta [a] Athraíodh an anailís ar fho-mhírchinn riaracháin neamhphá mar chuid den phróiseas chun na fo-mhírchinn riaracháin a nuachóiriú ar fud cuntais vótáilte sa bhliain 2024. Athaicmíodh figiúirí comparáideacha na bliana 2023 chun an struchtúr nua a léiriú.

## 2.5 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Dlite do sheirbhísí | 170 | 53 |
| | **170** | **53** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Cuntas dáileacháin párolla | 197 | — |
| Speansais in-fhorchúitithe taistil | 1 | — |
| Speansais in-fhorchúitithe i leith an phas taistil | 4 | 2 |
| Speansais in-fhorchúitithe i leith na scéime um rothaíocht chun na hoibre | — | 2 |
| | **202** | **4** |

## 2.7 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Saotharlann agus TF | 594 | 265 |
| Fabhrú párolla [b] | 273 | — |
| Fabhrú saoire [b] | 163 | — |
| Riarachán | 3 | 3 |
| | **1,033** | **268** |

Nóta [a] Athraíodh an anailís ar fho-mhírchinn riaracháin neamhphá mar chuid den phróiseas chun na fo-mhírchinn riaracháin a nuachóiriú ar fud cuntais vótáilte sa bhliain 2024. Athaicmíodh figiúirí comparáideacha na bliana 2023 chun an struchtúr nua a léiriú.

[b] Is ionann fabhruithe párolla agus saoire agus fabhruithe a rinneadh de réir Chuid A de Chaighdeán Cuntasaíochta 39A an Rialtais Láir, Sochair Fostaithe Cuid A, rud a tugadh isteach do chuntais leithreasa na bliana 2024.

## 2.8 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 117 | 111 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 99 | 85 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 25 | 24 |
| Cáin bhreisluacha ar cheannacháin laistigh den Aontas Eorpach | 20 | 25 |
| | 261 | 245 |
| **Fionraí** | | |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 63 | 55 |
| Maoiniú deontais ón Aontas Eorpach [a] | 410 | — |
| | 473 | 55 |
| | **734** | **300** |

Nóta [a] Fuarthas deontas €410,000 ó chiste Ionstraim an Aontais Eorpaigh um Threalamh Rialaithe Custaim sa bhliain airgeadais 2024. Níor cuireadh aon chostais ná aon ghníomhaíochtaí i gcrích i ndáil leis an deontas sin sa bhliain 2024, agus tá suim iomlán an deontais aitheanta mar dhliteanas in iarmhéideanna sochair eile.

## 2.9 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| (Vóta barrachais)/barrachas le géilleadh | (10) | 263 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (9) | (247) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **(19)** | **16** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 513 | 312 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 202 | 4 |
| | 715 | 316 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (261) | (245) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (473) | (55) |
| | (734) | (300) |
| | **(19)** | **16** |

## 2.10 Cuntas maoinithe Stáit

| | **Nóta** | | **2024** | **2023** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 2,688 | 3,318 |
| | | | | |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 13,475 | | |
| Vóta barrachais | Cuntas | 10 | | |
| Glanvóta | | | 13,485 | 11,861 |
| | | | | |
| Caiteachas a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 2,086 | 1,819 |
| Míreanna neamhairgid | | | | |
| Glanchoigeartuithe ar shócmhainní caipitil | 2.1 | 537 | | |
| Measchíos | 1 | 1,688 | | |
| | | | 2,225 | 1,688 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (18,509) | (15,998) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **1,975** | **2,688** |

## 2.11 Ceangaltais

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| **a) Ceangaltais dhomhanda** | **€000** | **€000** |
| ag an 31 Nollaig | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 728 | 530 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **728** | **530** |

## 2.12 Tionchar na n-athruithe beartais cuntasaíochta sa bhliain 2024

Cuireadh naoi gcinn nua de chaighdeáin chuntasaíochta an rialtais láir (CGAS) chun feidhme le héifeacht ón 1 Eanáir 2024. Rinne an cur chun feidhme an difear seo a leanas d'iarmhéid an chuntais maoinithe Stáit.

| | 2024 |
|---|---|
| | **€000** |
| Fabhrú párolla | (273) |
| Fabhrú saoire | (163) |
| | **(436)** |

Nóta [a] CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### 3.1 Anailís ar chaiteachas riaracháin [a]

Aicmítear an leithdháileadh ar fad ar Vóta 14 An tSaotharlann Stáit mar chaiteachas riaracháin a úsáidtear i leith clár aonair: Saotharlann anailíseach an rialtais agus seirbhís chomhairleach.

| | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | |
| | *Bunaidh* | 9,604 | | | |
| | *Forlíontach* | (319) | | | |
| | | | 9,285 | 9,117 | 7,651 |
| ii | Taisteal agus cothú | | 35 | 36 | 20 |
| iii | Oiliúint agus forbairt | | 229 | 161 | 132 |
| iv | Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach | | 2,873 | 3,307 | 2,841 |
| v | Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus costais TF | | 432 | 337 | 322 |
| vi | Costais áitribh [b] | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,625 | | | |
| | *Forlíontach* | 441 | | | |
| | | | 2,066 | 1,793 | 2,299 |
| vii | Athbhreithnithe ar pholasaithe, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde | | 1 | — | — |
| | | | **14,921** | **14,751** | **13,265** |

Nóta [a] Athraíodh an anailís ar fho-mhírchinn riaracháin neamhphá mar chuid den phróiseas chun na fo-mhírchinn riaracháin a nuachóiriú ar fud cuntais vótáilte sa bhliain 2024. Athaicmíodh figiúirí comparáideacha na bliana 2023 chun an struchtúr nua a léiriú.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Réadaithe** | | **Réadaithe** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | | **€000** |
| 1 Fáltais i leith anailísí éagsúla, scrúduithe, tástálacha etc. | | | | | |
| *Bunaidh* | 1,070 | | | | |
| *Forlíontach* | 121 | | | | |
| | | 1,191 | 1,002 | | 1,162 |
| 2 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | | 254 | 264 | | 242 |
| 3 Fáltais ilghnéitheacha | | 1 | — | | — |
| | | **1,446** | **1,266** | | **1,404** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000).

**1 Fáltais i leith anailísí éagsúla, scrúduithe, tástálacha, etc.**

*Soláthar meastacháin €1.191 milliún; réadaithe €1.002 milliún*

Cuireadh meastachán forlíontach €121,000 ar áireamh mar gheall ar mhéadú a rabhthas ag coinne leis ar an líon tástálacha a chuirfí i gcrích sa dara leath den bhliain i gcomparáid leis an gcéad leath den bhliain. Níor tháinig an méadú ar an líon tástálacha a rabhthas ag coinne leis chun cinn ar deireadh. Cé go rabhthas ag súil leis gur i mí na Nollag 2024 a d’íocfaí sonraisc dar luach €50,838 a rinneadh amach i mí na Samhna 2024, ba sa bhliain 2025 a íocadh i ndáiríre iad.

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **136** | **124** |

## 5.2 Pá

| | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 8,290 | 6,891 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 9 | 3 |
| ÁSPC an Fhostóra | 818 | 667 |
| **Pá iomlán** | **9,117** | **7,651** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 7 | — | 1,379 | 1,317 |

## 5.4 Bandaí pá fhostaithe na Roinne

Tá líon na bhfostaithe de chuid na Roinne a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus a tháinig faoi gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

| Bandaí pá (€) | | Líon fostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2024** | **2023** |
| 20,000 | 59,999 | 80 | 58 |
| 60,000 | 69,999 | 13 | 12 |
| 70,000 | 79,999 | 24 | 26 |
| 80,000 | 89,999 | 15 | 6 |
| 90,000 | 99,999 | 4 | 3 |
| 100,000 | 109,999 | — | 2 |
| 110,000 | 119,999 | 2 | 1 |
| 120,000 | 129,999 | — | 1 |
| 130,000 | 139,999 | — | — |
| 140,000 | 149,999 | 1 | — |

## 5.5 Luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Cuntasaíochta

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Bunphá | 139,759 | 125,583 |
| Liúntais | 1,396 | 1,259 |
| | **141,155** | **126,842** |

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh san fhigiúr thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina comhalta den Scéim Pinsean Ranníocach do Státseirbhísigh Bhunaithe agus den Scéim Ranníocach Athbhreithnithe do Chéilí agus Leanaí a ghabhann léi. Ní théann a teidlíocht ina leith sin thar théarmaí caighdeánacha na scéimeanna.